AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2020
COM(2020) 445 final

2018/0135 (CNS)

Togra leasaithe le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le córas Acmhainní Dílse an Aontais Eorpaigh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. RÉAMHRÁ

Géarchéim fhorleathan agus thromchúiseach don tsláinte phoiblí is ea paindéim COVID-19. Cuireann sé isteach go mór ar shaoránaigh, ar shochaithe agus ar gheilleagair ar fud an domhain. Ní fhacthas riamh roimhe seo fairsinge na géarchéime sláinte agus na bhfreagraí beartais a tugadh chun í a rialú. Mar thoradh air sin, is iondúil go mbíonn doimhneacht an tionchair shocheacnamaíoch aige éiginnte. Cheana féin ag an gcéim seo, is cinnte go bhfuil dúshláin mhóra nach bhfacthas a leithéid riamh ag baint leis maidir le córais airgeadais agus eacnamaíocha na mBallstát. De réir réamhaisnéisí eacnamaíocha an Choimisiúin san earrach[1], tuartar go gcrapfaidh OTI an AE thart ar 7.5 % i mbliana, i bhfad níos doimhne ná an ghéarchéim airgeadais dhomhanda in 2009, agus nach n-athdhaingneoidh sé ach 6 % in 2021 agus go méadóidh ráta dífhostaíochta an AE go 9 % in 2020, agus go mbeidh baol ann go dtiocfaidh méadú ar bhochtaineacht agus neamhionannas in.

Mar fhreagairt air sin, ghlac na Ballstáit bearta eisceachtúla lánroghnacha eacnamaíocha agus airgeadais. In éineacht le héifeacht na "gcobhsaitheoirí uathoibríocha" mar a thugtar orthu, i.e. íocaíochtaí dá bhforáiltear faoi árachas dífhostaíochta agus faoi chórais slándála sóisialta mar aon le caillteanas ioncaim ó cháin, tá tionchar suntasach ag na bearta sin ar a n-airgeadas poiblí agus tá easnamh ginearálta comhiomlán an rialtais ag méadú ó 0.6 % den OTI in 2019 go 8.5 % den OTI sa limistéar euro agus san Aontas i mbliana.

Tá an rúscadh chuig geilleagar an Aontais siméadrach sa chaoi gur bhuail an phaindéim gach Ballstát, mar sin féin, tá difríocht mhór idir tionchar na paindéime idir na Ballstáit, mar aon lena gcumas an suaitheadh eacnamaíoch agus fioscach a ionsú agus freagairt dó, ag brath freisin ar struchtúir shonracha eacnamaíocha agus ar choinníollacha tosaigh na mBallstát. Mar thoradh air sin, tá baol ann go méadófar na héagothromaíochtaí laistigh den Aontas mar bhagairt ar an athléimneacht chomhchoiteann eacnamaíoch agus shóisialta. Dearbhaítear an pictiúr ginearálta sin freisin leis an measúnú domhain ar riachtanais[2].

Ghníomhaigh an tAontas go tapa chun comhfhreagairt chomhordaithe agus chumhachtach a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha na géarchéime, laistigh de theorainneacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil reatha a rachaidh in éag in 2020. Comhlánaítear leis an bhfreagairt sin bearta lánroghnacha eacnamaíocha agus airgeadais arna ndéanamh ag na Ballstáit.

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí damáiste buan do fhíochán eacnamaíoch an Aontais mar thoradh ar an ngéarchéim mura rud é go dtugtar freagairt bheartais ghearrthéarmach agus mheántéarmach dá réir ar leibhéal an Aontais. Tá géarghá le foráil a dhéanamh maidir le hacmhainn bhreise airgeadais atá ar fáil láithreach chun tacú leis an téarnamh agus leis an athléimneacht ar fud an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

Ní mór don fhreagairt ar an ngéarchéim a bheith cuimsitheach, misniúil agus marthanach. Le plean cuimsitheach don téarnamh Eorpach, beidh gá le hinfheistíocht ollmhór phoiblí agus

[1] Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Páipéar Institiúideach 125. Bealtaine 2020.
[2] SWD(2020)XXXX..

phríobháideach ar an leibhéal Eorpach chun an tAontas a chur ar bhealach daingean i dtreo téarnaimh inbhuanaithe agus athléimnigh, chun poist ar ardchaighdeán a chruthú agus chun an damáiste láithreach a rinne paindéim COVID-19 a dheisiú agus ag an am céanna tacú le tosaíochtaí glasa agus digiteacha an Aontais. Is é buiséad fadtéarmach an Aontais, arna atreisiú ag Ionstraim nua, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, a bheidh mar phríomhuirlis.

Mar gheall ar chineál eisceachtúil na staide eacnamaíche agus sóisialta, tá gá le bearta eisceachtúla chun tacú le téarnamh agus le hathléimneacht na ngeilleagar. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, ní mór don Aontas na meáin riachtanacha a chur ar fáil dó féin agus na bearta iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19. Ar an gcúis sin, tá sé oiriúnach go bhféadfar cuid den mhaoiniú is gá a shlógadh trí iasachtaí ar mhargaí caipitil. Aisíocfar na hiasachtaí sin nuair a bheidh an tAontas ar ais ar chonair dhearfach fáis.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA LEASAITHE

An gá don Aontas na meáin a sholáthar dó féin chun a chuspóir a bhaint amach.

Faoin togra leasaithe, údarófar don Choimisiún cistí a fháil ar iasacht thar ceann an Aontais suas go dtí méid EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018 ar na margaí caipitil. Aistreofar na fáltais chuig cláir an Aontais i gcomhréir le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Ós rud é gur freagairt eisceachtúil í Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ar na himthosca sealadacha ach fíordhálaí, tá na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún sa Chinneadh seo teoranta go soiléir ó thaobh méide, faid agus raon feidhme de. Leis sin, cuirtear deireadh leis an bhféidearthacht na cumhachtaí eisceachtúla faoin togra seo a úsáid chun críche ar bith seachas dul i ngleic le hiarmhairtí díreacha eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19.

Tosóidh buiséad an AE ag déanamh na n-aisíocaíochtaí is gá maidir leis na cistí a fuarthas ar iasacht ar mhargaí caipitil ó 2028 ar aghaidh. Déanfar dliteanais uile an Aontais arna dtabhú leis an ngníomh atá beartaithe a aisíoc go hiomlán faoi 2058. Is de réir phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a eagrófar an aisíocaíocht d'fhonn laghdú seasta intuartha ar dhliteanais a bhaint amach le linn na tréimhse foriomláine.

Uasteorainn na nAcmhainní Dílse a ardú

Leis na huasteorainneacha atá sainithe sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, cinntear uasmhéid na n-acmhainní dílse ar féidir leis an Aontas a iarraidh ar na Ballstáit iad a chur ar fáil don Aontas in aon bhliain ar leith chun a chaiteachas a mhaoiniú.

An 2 Bealtaine 2018, mhol an Coimisiún uasteorainn chun leithreasaí bliantúla faoi chomhair oibleagáidí a chumhdach agus uasteorainn 1.35 % agus 1.29 % faoi seach d'Ollioncam Náisiúnta an Aontais a chumhdach. Leis na huasteorainneacha a shainítear sa dréacht-Rialachán lena mbunaítear an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), a shloinntear in euro, socraítear an t-uasmhéid is féidir a ghealladh nó a chaitheamh le linn na tréimhse 2021-2027. Ní mór an corrlach idir na huasteorainneacha le haghaidh Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse agus na huasteorainneacha CAI a bheith mór go leor chun a áirithiú go mbeidh an

tAontas in ann a oibleagáidí airgeadais agus a dhliteanais theagmhasacha uile a chumhdach in aon bhliain ar leith agus in imthosca ar bith, fiú i gcás forbairtí diúltacha eacnamaíocha.

Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2020 ón gCoimisiún go gcrapfaidh geilleagar an limistéir euro 7.75 % in 2020 agus tuartar go gcrapfaidh geilleagar AE 7.5 % in 2020. Rinneadh athbhreithniú thart ar 9 bpointe céatadáin ar réamh-mheastacháin fáis don AE agus don limistéar euro i gcomparáid le réamhaisnéis eacnamaíoch fhómhar 2019. Cé go bhfuil an leibhéal neamhchinnteachta i Réamhaisnéis an Earraigh níos airde ná mar is gnách, tá sé in amhras go dtiocfaidh laghdú sa dearbhmhéid ar uasteorainneacha Chinneadh na nAcmhainní Dílse, atá sainithe mar chéatadán d'Ollioncam Náisiúnta an AE.

D'fhonn corrlach leordhóthanach a chaomhnú faoi na huasteorainneacha le haghaidh Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse don Aontas chun a oibleagáidí airgeadais agus a dhliteanais theagmhasacha uile atá dlite i mbliain ar leith a chumhdach, ní mór na huasteorainneacha le haghaidh Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse mar a shainítear iad i gcéatadán d'Ollioncam Náisiúnta an Aontais a mhéadú.

Chuige sin, ní mór an togra ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2018 a leasú le go bhféadfar 0,11 pointe céatadáin den uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a mhéadú tuilleadh. Tá an méadú sin ag teacht de bhreis ar na coigeartuithe atá beartaithe cheana chun freastal ar an laghdú uathoibríoch ar mhéid absalóideach na n-uasteorainneacha le haghaidh Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus an laghdú comhfhreagrach ar Ollioncam Náisiúnta an Aontais. Dá bhrí sin, socrófar an uasteorainn chun leithreasú bliantúil le haghaidh íocaíochtaí a chumhdach ag 1,40 % d'Ollioncam Náisiúnta AE agus an uasteorainn chun leithreasaí bliantúla le haghaidh oibleagáidí a chumhdach ag 1,46 % d'Ollioncam Náisiúnta an AE.

Méadú urghnách agus sealadach ar na huasteorainneacha le haghaidh acmhainní dílse chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19

Thairis sin, údaraítear don Choimisiún leis an togra leasaithe cistí a fháil ar iasacht thar ceann an Aontais suas le méid EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018. Sannfar na fáltais faoin Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh atá beartaithe. I gcomhréir le Airteagal 310(4) CFAE, ní ghlacfaidh an tAontas aon ghníomh ar dóigh dó iarmhairtí suntasacha a bheith aige ar an mbuiséad gan a áirithiú go bhféadfar an caiteachas a eascraíonn as an ngníomh sin a mhaoiniú laistigh de theorainneacha acmhainní dílse an Aontais. I gcomhréir le Airteagal 323 CFAE, áiritheoidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go gcuirfear na hacmhainní airgeadais ar fáil chun go bhféadfaidh an tAontas a chuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh i leith tríú páirtithe.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha sin in aon bhliain ar leith agus in imthosca ar bith, is gá do na Ballstáit na hacmhainní is gá chun na hoibleagáidí airgeadais agus na dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as an gcumhachtú eisceachtúil agus sealadach sin cistí a fháil ar iasacht a leithdháileadh ar an Aontas. Dá bhrí sin, ní mór na huasteorainneacha le haghaidh Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse a ardú 0,6 pointe céatadáin ar bhonn sealadach. Ní fhéadfar an leithdháileadh breise sin a úsáid ach amháin chun oibleagáidí airgeadais agus dliteanais theagmhasacha a chomhlíonadh a eascraíonn ón gcumhachtú

eisceachtúil sealadach cistí a fháil ar iasacht. Sa chreat sin, tiocfaidh laghdú, le himeacht ama, ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an leithdháileadh breise sin toisc go laghdaítear na hoibleagáidí airgeadais agus na dliteanais theagmhasacha ábhartha de réir mar a aisíoctar na cistí a fuarthas ar iasacht agus de réir mar a théann na hiasachtaí in aibíocht. Rachaidh an méadú sin in éag nuair nach ann a thuilleadh do na dliteanais sin go léir, i.e. nuair a bheidh na cistí go léir a fuarthas ar iasacht aisíoctha — faoin 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí — agus nuair a bheidh deireadh leis na rioscaí go léir do dhliteanais theagmhasacha.

.

2018/0135 (CNS)

Togra leasaithe le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le córas Acmhainní Dílse an Aontais Eorpaigh

Leasaítear togra COM(2018) 325 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) Scriostar an abairt deiridh d'Aithris (13);

(2) Cuirtear na haithrisí seo a leanas (13a) go (13k) isteach:

(13a) Chun corrlach leordhóthanach a fhágáil faoi uasteorainneacha an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse chun gur féidir leis an Aontas a oibleagáidí airgeadais agus a dhliteanais theagmhasacha uile a chumhdach in aon bhliain ar leith, ba cheart uasteorainn an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse a mhéadú go leibhéal 1,40 % de shuim Ollioncam Náisiúnta na mBallstát ag praghsanna an mhargaidh le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus go leibhéal 1,46 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

(13b) Cuireann tionchar eacnamaíoch ghéarchéim COVID-19 i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le hacmhainn airgeadais leordhóthanach an Aontais a áirithiú i gcás suaitheadh eacnamaíoch. Ní mór don Aontas na meáin a sholáthar dó féin chun an cuspóir sin a bhaint amach. Teastaíonn acmhainní airgeadais ar scála eisceachtúil chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19, gan tuilleadh brú a chur ar airgeadais na mBallstát tráth atá a mbuiséid faoi ábhalbhrú cheana chun bearta náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta a mhaoiniú i ndáil leis an ngéarchéim. Dá bhrí sin, ba cheart freagairt eisceachtúil a thabhairt ar leibhéal an Aontais. Ar an gcúis sin, is iomchuí an tAontas a údarú, ar bhonn eisceachtúil, chun iasacht shealadach EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018 ar mhargaí caipitil a fháil, iasacht a d'úsáidfí le haghaidh caiteachas dar méid EUR 500 billiún agus le haghaidh iasachtaí dar méid EUR 250 billiún i bpraghsanna 2018 agus lena aghaidh sin amháin chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí COVID-19.

(13c) Ba cheart don fhreagairt eisceachtúil sin aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 agus a áirithiú nach dtiocfaidh sé chun cinn arís. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht a bheith teoranta ó thaobh ama de agus ba cheart an chuid is mó den chistiú a sholáthar díreach tar éis na paindéime.

(13d) Is gá méadú eisceachtúil sealadach a dhéanamh ar uasteorainn na n-acmhainní dílse chun go mbeidh an tAontas in ann an dliteanas a bhaineann leis na cistí sin a fuarthas ar iasacht a sheasamh. An chumhacht a tugadh don Choimisiún cistí a fháil ar iasacht sna margaí caipitil thar ceann an Aontais chun bearta lena dtugtar aghaidh ar iarmhairtí COVID-19 a mhaoiniú agus chun na gcríoch sin amháin, baineann sí go dlúth leis an méadú a tháinig ar uasteorainn na n-acmhainní dílse a oibrítear faoin gCinneadh sin agus i ndeireadh na dála, le feidhmiú chóras acmhainní dílse an Aontais. Dá réir sin, ba cheart cumhachtú den sórt sin a áireamh sa Chinneadh sin.

De bharr chineál na hoibríochta seo nach bhfacthas a leithéid riamh agus mhéid eisceachtúil na gcistí sin, teastaíonn cinnteacht maidir le méid foriomlán dhliteanas an Aontais agus maidir leis na gnéithe fíor-riachtanacha a bhaineann lena aisíoc, chomh maith le straitéis iasachtaíochta aonair a shaothrú.

(13e) Maidir le hiasacht cistí a dhéantar sna margaí caipitil is gá í a bheith de scála suntasach agus ní mór í a dhéanamh thar thréimhse measartha gearr. Nuair atá na hoibríochtaí á gcur chun feidhme ag an gCoimisiún trí straitéis cistiúcháin éagsúlaithe ba cheart dó an úsáid is fearr a bhaint as acmhainn na margaí chun méideanna cistí suntasacha den sórt sin a fhaightear ar iasacht agus a bhfuil aibíochtaí difriúla ag gabháil leo a iompar agus na coinníollacha aisíocaíochta is buntáistí a áirithiú.

(13f) Maidir le haisíoc a dhéanamh ar chistí a fhaightear ar iasacht chun tacaíocht neamh-inaisíoctha nó chun tacaíocht inaisíoctha trí bhíthin ionstraimí airgeadais a sholáthar nó chun soláthar a dhéanamh do ráthaíochtaí buiséadacha, chomh maith leis an ús dlite, ba cheart an t-aisíoc sin a chistiú trí bhuiséad an Aontais. Na cistí a fhaightear ar iasacht a dheonaítear mar iasachtaí do na Ballstáit, ba cheart iad a aisíoc de réir na suimeanna a fhaigheann na Ballstáit is tairbhithe. Is gá na hacmhainní a leithdháileadh agus a chur ar fáil don Aontas chun gur féidir leis a oibleagáidí airgeadais agus a dhliteanais theagmhasacha uile a eascraíonn as an gcumhachtú eisceachtúil sealadach chun cistí a fháil ar iasacht in aon bhliain ar leith agus faoi aon choinníoll i gcomhréir le hAirteagal 310(4) CFAE agus le hAirteagal 323 CFAE.

(13g) Aisíocaíochtaí a dhéanfar as an mbuiséad ba cheart tús a chur leo in 2028, agus ba cheart na dliteanais uile a thabhaítear de bharr an chumhachtaithe eisceachtúil shealadaigh sin chun cistí a fháil ar iasacht a bheith aisíoctha go hiomlán faoin 31 Nollaig 2058. Chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú buiséadach éifeachtúil ar na leithreasuithe is gá chun aisíocaíochtaí i leith na gcistí a fhaightear ar iasacht a chumhdach, is iomchuí foráil a dhéanamh go bhféadfaí gealltanais bhuiséadacha bhunúsacha a mhiondealú i dtráthchodanna bliantúla. Ba cheart do sceideal na haisíocaíochta prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a urramú, lena n-áirítear neamhchosaint bhliantúil uasta, d’fhonn laghdú seasta intuartha ar dhliteanais a bhaint amach le linn na tréimhse foriomláine.

(13h) De bharr na ngnéithe eisceachtúla, sealadacha agus teoranta a bhaineann leis an gcumhachtú chun cistí a fháil ar iasacht le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19, ba cheart a shoiléiriú nár cheart don Aontas, de ghnáth, úsáid a bhaint as cistí a fhaightear ar iasacht ar na margaí caipitil chun caiteachas oibríochtúil a mhaoiniú.

(13i) Chun na hoibleagáidí airgeadais breise agus na dliteanais theagmhasacha bhreise a chumhdach, arb oibleagáidí agus dliteanais iad a eascraíonn as an gcumhachtú eisceachtúil sealadach chun cistí a fháil ar iasacht agus chun inbhuanaitheacht airgeadais a áirithiú go fiú le linn cúlú eacnamaíoch, agus chun na críche sin amháin, ba cheart na huasteorainneacha le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus an uasteorainn le haghaidh leithreasú faoi chomhair gealltanas a mhéadú 0,6 pointe céatadáin araon.

(13j) Tá gá leis an méadú toisc nach leor na huasteorainneacha atá ann faoi láthair chun na hacmhainní breise a theastaíonn ón Aontas a sholáthar chun na dliteanais a eascraíonn as an gcumhachtú eisceachtúil sealadach chun cistí a fháil ar iasacht a chumhdach. Is ar bhonn sealadach a bheidh gá le dul ar iontaoibh an leithdháilte bhreise sin ós rud é go laghdaítear na hoibleagáidí airgeadais ábhartha agus na

dliteanais theagmhasacha ábhartha thar thréimhse ama de réir mar a aisíoctar na cistí a fhaightear ar iasacht agus de réir mar a théann na hiasachtaí in aibíocht. Dá bhrí sin, ba cheart go rachadh an méadú in éag nuair a bheidh na cistí uile a fuarthas ar iasacht aisíoctha agus nuair a bheidh deireadh leis na dliteanais ó iasachtaí a dheonaítear ar bhonn na gcistí sin faoin 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí.

(13k) Chun a áirithiú gur féidir leis an Aontas a oibleagáidí dlíthiúla i leith tríú páirtithe a chomhlíonadh i gcónaí, ba cheart an Coimisiún a údarú, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i rialacháin arna nglacadh faoi Airteagal 322(2) CFAE, le linn na tréimhse méadaithe shealadaigh sin, chun iarraidh ar na Ballstáit na hacmhainní airgid ábhartha a chur ar fáil i gcás nach leor na leithreasuithe údaraithe a iontráiltear sa bhuiséad.

(3) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

"1. Maidir le méid iomlán na n-acmhainní dílse a leithdháiltear ar an Aontas chun leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochtaí a chumhdach, ní sháróidh sé 1,40 % de shuim Ollioncam Náisiúnta na mBallstát uile.

2. Maidir le méid iomlán bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a iontráiltear i mbuiséad na Aontais, ní sháróidh sé 1,46 % de shuim Ollioncam Náisiúnta na mBallstát uile.";

(4) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas 3a, 3b, agus 3c isteach:

"Airteagal 3a
Úsáid cistí a fhaightear ar iasacht ar na margaí caipitil

Ní úsáidfidh an tAontas cistí a fhaightear ar iasacht ar na margaí caipitil chun caiteachas oibríochtúil a mhaoiniú.

Airteagal 3b
Meáin bhreise neamhghnácha shealadacha chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19

(1) Chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 agus lena aghaidh sin amháin:

(a) Tabharfar de chumhacht don Choimisiún cistí a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil thar ceann an Aontais suas go dtí méid EUR 750 000 000 000 i bpraghsanna 2018. Is in euro a dhéanfar na hoibríochtaí iasachtaíochta.

(b) Na cistí a fhaightear ar iasacht féadfar iad a úsáid le haghaidh iasachtaí suas go dtí méid EUR 250 000 000 000 agus, de mhaolú ar Airteagal 3a, le haghaidh caiteachas suas go dtí méid EUR 500 000 000 000 i bpraghsanna 2018.

(2) Is as buiséad ginearálta an Aontais a aisíocfar príomhshuim na gcistí a úsáidtear le haghaidh caiteachas dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 agus le haghaidh an úis ghaolmhair dhlite. Féadfar na gealltanais bhuiséadacha a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta i gcomhréir le hAirteagal 112(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

Leagfar amach sceideal na haisíocaíochta, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, chun laghdú seasta intuartha ar dhliteanais a áirithiú, sceideal dar tús 1 Eanáir 2028 agus dar críoch 31 Nollaig 2058. Na méideanna atá dlite don Aontas i mbliain ar leith chun an phríomhshuim a aisíoc ní rachaidh siad thar 7.5 % den uasmhéid dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1.

(3) Bunóidh an Coimisiún na socruithe is gá chun na hoibríochtaí iasachtaíochta a riar.

Airteagal 3c

Méadú neamhghnách sealadach ar uasteorainneacha na n-acmhainní dílse chun na hacmhainní is gá chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19 a leithdháileadh

Na méideanna a leagtar síos in Airteagal 3(1) agus (2) faoi seach, déanfar iad a mhéadú 0,6 pointe céatadáin go sealadach chun dliteanais uile an Aontais a eascraíonn as an iasacht a gheobhaidh sé dá dtagraítear in Airteagal 3b a chumhdach, agus chuige sin amháin, go dtí nach ann a thuilleadh do na dliteanais uile sin, agus go dtí an 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí.

Ní úsáidfear na méideanna méadaithe sin chun íoc as aon dliteanas eile de chuid an Aontais".

(5) In Airteagal 6, cuirtear an mhír 4 seo a leanas leis:

"4. I gcás nach leor na leithreasuithe údaraithe a iontráiltear sa bhuiséad chun gur féidir leis an Aontas a oibleagáidí a eascraíonn as iasacht a fháil dá dtagraítear in Airteagal 3b a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit na hacmhainní is gá chun na críche sin a chur ar fáil don Choimisiún.

Cuirfear na hacmhainní airgid ar fáil i gcomhréir le rialacháin arna nglacadh faoi Airteagal 322(2) CFAE, faoi mar a bheidh siad infheidhme an tráth sin, faoi na coinníollacha céanna leis na coinníollacha a bhfuil feidhm leo i gcás mainneachtain in iasacht atá curtha ar conradh de bhun rialacháin agus cinntí arna nglacadh ag an gComhairle, nó ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle."

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA

1.1. Teideal an togra

Togra leasaithe le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas Acmhainní Dílse an Aontais Eorpaigh (COM(2018)325 final).

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[3]

Ioncam bhuiséad an Aontais Eorpaigh (Teideal 1, Acmhainní Dílse)

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le**beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[4]

x Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Géarchéim fhorleathan agus thromchúiseach don tsláinte phoiblí is ea paindéim COVID-19. Cuireann sé isteach go mór ar shaoránaigh, ar shochaithe agus ar gheilleagair ar fud an domhain. Ní fhacthas riamh roimhe seo fairsinge na géarchéime sláinte agus na bhfreagraí beartais a tugadh chun í a rialú. Mar thoradh air sin, is iondúil go mbíonn doimhneacht an tionchair shocheacnamaíoch aige éiginnte. Cheana féin ag an gcéim seo, is cinnte go bhfuil dúshláin mhóra nach bhfacthas a leithéid riamh ag baint leis maidir le córais airgeadais agus eacnamaíocha na mBallstát. De réir réamhaisnéisí eacnamaíocha an Choimisiúin in earrach, tuartar go gcrapfaidh OTI AE níos mó ná an ghéarchéim airgeadais dhomhanda in 2009.

Mar fhreagairt ar an éigeandáil, ghlac na Ballstáit bearta eisceachtúla airgeadais a bhfuil tionchar suntasach acu ar a gcuid airgeadais phoiblí. Mar sin féin, níl an tionchar siméadrach ar fud na mBallstát, agus tá an baol ann go méadófar na héagothromaíochtaí laistigh den Aontas mar thoradh ar an ngéarchéim, rud a chuirfidh an athléimneacht chomhchoiteann eacnamaíoch agus shóisialta i mbaol. Ghníomhaigh an AE go tapa chun comhfhreagairt chomhordaithe agus chumhachtach a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha na géarchéime, laistigh de theorainneacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil reatha a rachaidh in éag in 2020.

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí damáiste buan do fhíochán eacnamaíoch an Aontais mar thoradh ar an ngéarchéim mura rud é go dtugtar freagairt bheartais ghearrthéarmach agus mheántéarmach dá réir ar leibhéal an Aontais. Tá géarghá le foráil a dhéanamh maidir le hacmhainn bhreise airgeadais atá ar fáil láithreach chun tacú leis an

[3] Le cinneadh i nósanna imeachta buiséadacha 2020 agus 2021. ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

[4] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

téarnamh agus leis an athléimneacht ar fud an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

Ní mór don fhreagairt ar an ngéarchéim a bheith cuimsitheach, misniúil agus marthanach. Beidh infheistíocht ollmhór phoiblí agus phríobháideach ag teastáil ar leibhéal na hEorpa i gcomhair plean cuimsitheach don téarnamh Eorpach chun borradh a chur faoin ngeilleagar, chun poist ardcháilíochta a chruthú agus chun infheistíocht a dhéanamh chun an damáiste láithreach a rinne paindéim Chvid-19 a dheisiú. Is é buiséad fadtéarmach an Aontais, arna atreisiú ag Ionstraim nua, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, a bheidh mar phríomhuirlis.

Mar gheall ar chineál eisceachtúil na staide eacnamaíche agus sóisialta, tá gá le bearta eisceachtúla chun tacú le téarnamh agus le hathléimneacht na ngeilleagar. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, ní mór don Aontas na meáin riachtanacha a chur ar fáil dó féin agus na bearta iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le paindéim Chvid-19. Ar an gcúis sin, tá sé oiriúnach go bhféadfar cuid den mhaoiniú is gá a shlógadh trí iasachtaí ar mhargaí caipitil. Aisíocfar na hiasachtaí sin nuair a bheidh an tAontas ar ais ar chonair dhearfach fáis.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

1.4.3. Ní mór na huasteorainneacha acmhainní dílse a mhéadú go sealadach chun go mbeidh an AE in ann a oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh. Tá an méadú sin riachtanach chun na hoibleagáidí airgeadais agus na dliteanais theagmhasacha a eascraíonn ón gcumhachtú eisceachtúil agus sealadach seo cistí a fháil ar iasacht a chumhdach.

Cruthóidh an eisiúint dliteanais airgeadais an Aontais, a chomhlíonfar go hiomlán trí na gealltanais bhuiséadacha agus na leithreasuithe is gá le linn thréimhse na ndliteanas sin. Féadfar na gealltanais bhuiséadacha a mhiondealú i dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

1.4.4. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Leis an gCinneadh leasaithe, tugtar de chumhacht don Choimisiún uasmhéid [EUR *750* billiún i bpraghsanna 2018 a thiomsú trí dhul i muinín na margaí airgeadais agus na fáltais a aistriú chuig buiséad AE chun tacú le Plean Téarnaimh an Aontais faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

Rachaidh fáltais na n-oibríochtaí iasachtaíochta chuig Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Soláthrófar cistiú leis an Ionstraim seo do na beartais éagsúla a chumhdaítear le Plean Téarnaimh an Aontais.

1.4.5. Táscairí torthaí agus tionchair

Sonraigh na táscairí maidir le faireachán ar chur chun feidhme an togra/an tionscnaimh.

Daingniú agus teacht i bhfeidhm an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse

Méid comhiomlán an chaipitil a cruinníodh faoin Ionstraim Théarnaimh;

A mhéid a chruinnítear an caipiteal go luath i saol na hIonstraime Téarnaimh agus an luas lena gcuirtear ar fáil é do na hionstraimí airgeadais is tairbhithe

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma

I bhfianaise chineál gan fasach na hoibríochta iasachtaíochta agus mhéid eisceachtúil na gcistí atá le fáil ar iasacht, ní mór formheas a fháil ó na Ballstáit go léir i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla náisiúnta.

Tosóidh buiséad an AE ag déanamh na n-aisíocaíochtaí is gá maidir leis na cistí a fuarthas ar iasacht ar mhargaí caipitil ó 2028 ar aghaidh. Déanfar dliteanais uile an Aontais arna dtabhú leis an ngníomh atá beartaithe a aisíoc go hiomlán faoi 2058. Ba cheart sceideal na haisíocaíochta a eagrú de réir phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais d'fhonn laghdú seasta intuartha ar dhliteanais a bhaint amach le linn na tréimhse foriomláine. Ní rachaidh na méideanna atá dlite den Aontas in aon bhliain ar leith chun an phríomhshuim a aisíoc thar 7.5 % de mhéid uasta na suimeanna a gheofar ar iasacht le haghaidh caiteachais.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE

Tá gá le bearta eisceachtúla do ghéarchéim COVID 19. Ní mór don Aontas na modhanna a chur ar fáil dó féin chun a chuspóir a bhaint amach, i.e. fás fadtéarmach agus athléimneacht gheilleagair an Aontais a athbhunú.

Chun maoiniú poiblí náisiúnta a bhfuil tionchar ag an ngéarchéim orthu cheana a fhuascailt, leis an gCinneadh seo tugtar an t-údarás don AE iasachtaí a fháil ar bhonn eisceachtúil agus sealadach. Chun go dtarlóidh sé sin, tá gá le méadú sealadach ar an uasteorainn acmhainní dílse chun na hoibleagáidí airgeadais a chumhdach atá riachtanach chun an t-údarú eisceachtúil seo a fháil ar iasacht a fháil.

Gheobhaidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh na fáltais ó iasachtaíocht. Ar an mbonn sin, tairgfear leis an Ionstraim seo tacaíocht airgeadais de mheon dlúthpháirtíochta Eorpaí leis na Ballstáit atá buailte. I bhfianaise fhairsinge na géarchéime agus raon feidhme a héifeachtaí airgeadais agus eacnamaíocha, tá gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an AE níos iomchuí chun a áirithiú go mbainfear leas as acmhainní leordhóthanacha chun idirghabhálacha éifeachtacha a chruthú agus chun an tionchar díreach sochaíoch agus eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim COVID-19 a mhaolú.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Tá taithí ag an Aontas ar iasachtaí a fháil chun cúnamh airgeadais a sholáthar, go háirithe faoi Shásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) agus tacaíocht do Chomhardú na nÍocaíochtaí a chur ar fáil.

Baineann an taithí sin den chuid is mó, áfach, leis an gcuid den iasachtaíocht faoin gcumhachtú beartaithe atá ceaptha a úsáid chun iasachtaí a sholáthar.

1.5.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile

Leis an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, tugtar de chumhacht don Choimisiún iasachtaí a fháil thar ceann an Aontais. Cuirfidh sé na hacmhainní ar fáil d'Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun maoiniú a chur ar fáil do na beartais éagsúla a chumhdaítear le Plean Téarnaimh an Aontais.

Beidh fad fada ag baint leis na dliteanais a thabhófar faoin ionstraim seo agus, dá bhrí sin, beidh ar uasteorainneacha buiséadacha an Aontais freastal ar na dliteanais mhéadaithe sin thar thréimhse fhada. Beidh meánaibíocht an fhiachais arna ardú ag

an AE idir [5-20] bliana, agus beidh an fhéidearthacht ann go mbeidh aibíochtaí níos faide ann (suas le 30 mbliana). Foráiltear leis an togra freisin go bhféadfaidh AE fiachas a rolladh suas i gcás ina bhfuil buntáiste ag baint leis sin ó thaobh bainistiú dliteanas de.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

X Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– X X Tionchar airgeadais ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh go dtí aibíocht na n-iasachtaí a chur i gcrích, lena ndéantar forluí ar roinnt Creataí Airgeadais Ilbhliantúil; níl aon aibíochtaí beartaithe roimh 2028.

X PTogra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse neamhtheoranta don mhéadú atá beartaithe ar an uasteorainn OR ar bhonn buan**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh,

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[5]

X **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– X ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 1046/2018.

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

[5] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1046/2018 a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil i gcomhthéacs a thuarascála a ullmhófar ar gach oibríocht iasachtaíochta a dhéanfar faoin Ionstraim.

2.1.1. An riosca/na rioscaí a aithníodh

Déanfar an cur chun feidhme inter alia trí mhéideanna móra fiachais a eisiúint ar mhargaí caipitil idirnáisiúnta. An méadú tobann a thiocfaidh ar eisiúint fiachais i dtréimhse inar dócha go rachaidh flaithiúnais agus institiúidí eile i muinín margaí caipitil go forleathan, tá an baol ann go dtiocfaidh meath ar na téarmaí agus ar na coinníollacha atá ar fáil don Aontas. Déanfar an riosca sin a bhainistiú trí straitéis nua maidir le bainistiú fiachais a chur chun feidhme chun cabhrú leis an Aontas na téarmaí is fearr atá ar fáil a bhaint amach, agus a rátáil chreidmheasa den scoth á cosaint ag an am céanna.

I dtéarmaí iasachtaí arna ndeonú do Bhallstáit chun críocha na saoráide athchóirithe agus athléimneachta, meastar gur diomaibhseach an riosca a bhaineann le neamhaisíocaíocht toisc gur beag seans atá ann go mbeidh ar Bhallstáit an AE aisíocaíochtaí fiachais a chur ar fionraí.

Ní mór infheistíocht shuntasach a dhéanamh i bhforbairt chumas an Choimisiúin chun iasachtaí a fháil/a thabhairt agus fiachas a bhainistiú chun na rioscaí sin a bhainistiú ar thaobh an chistithe agus an iasachtaithe. Mínítear san infheistíocht seo an caiteachas riaracháin a bhaineann leis an mbeartas sin, trí fhoireann speisialaithe a earcú, lena n-áirítear foireann ó oifigí bainistíochta fiachais náisiúnta. Tá gá le hacmhainní foirne méadaithe freisin le haghaidh seirbhísí tacaíochta amhail cuntasaíocht, cúloifig agus tacaíocht thiomnaithe TF.

A bhuí leis an méadú ar na huasteorainneacha le haghaidh acmhainní dílse, is féidir leis an Aontas a oibleagáidí airgeadais agus a dhliteanais theagmhasacha a chomhlíonadh. Rachaidh sé in éag nuair a bheidh deireadh leis na dliteanais sin go léir, i.e. nuair a bheidh na cistí go léir a fuarthas ar iasacht aisíoctha agus nuair a bheidh deireadh leis na rioscaí go léir a bhaineann le dliteanais theagmhasacha.

2.1.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh arna bhunú

Tá feidhm ag an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag an gCoimisiún Eorpach cheana chun a áirithiú go n-úsáidtear na cistí atá ar fáil faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh mar is ceart agus i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí.

Seo mar atá an córas atá i bhfeidhm faoi láthair:

1. Díríonn na foirne rialaithe inmheánacha ar chomhlíonadh na nósanna imeachta riaracháin agus na reachtaíochta atá i bhfeidhm. Úsáidtear Creat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin chun na críche sin.

2. Déanfar iniúchadh rialta ar dheontais agus ar chonarthaí ag iniúchóirí seachtracha, a bhronnfar faoin ionstraim seo, a chorprú go hiomlán sna pleananna iniúchóireachta bliantúla.

3. Meastóireacht meastóirí seachtracha ar ghníomhaíochtaí foriomlána.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Chúirt Iniúchóirí na gníomhaíochtaí a dhéantar a iniúchadh.

2.1.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis

NEAMHBHAINTEACH

2.2. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó beartaithe.

Teastaíonn an trédhearcacht is mó is féidir agus faireachán cuí ar úsáid acmhainní airgeadais an AE. Beidh feidhm ag oibleagáidí tuairiscithe do na Ballstáit, do thairbhithe eile agus don Choimisiún.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Gan aon líne bhuiséid ann cheana
- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 1046/2018
2	06.200301 Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh – cúpón tréimhsiúil agus fuascailt thréimhsiúil a íoc tráth na haibíochta	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
2	06.012001 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (ERI)	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar chaiteachas. Cruthófar líne p.m. sa nós imeachta buiséadach.

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	2	

Ard-Stiúrthóireacht: BUDG			**Bliain 2021**	**Bliain 2022**	**Bliain 2023**	**Bliain 2024**	**Bliain 2025**	**Bliain 2026**	**Bliain 2027**	**IOMLÁN**
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
06.200301 Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh – cúpón tréimhsiúil agus fuascailt thréimhsiúil a íoc tráth na haibíochta[6]	Gealltanais i bpraghsanna 2018	(1)	202 757	726 570	1 402 108	2 525 035	3 070 263	4 104 667	5 359 447	**17 390 847**
	Íocaíochtaí i bpraghsanna 2018	(2)	202 757	726 570	1 402 108	2 525 035	3 070 263	4 104 667	5 359 447	**17 390 847**
06.200301 Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh – cúpón tréimhsiúil agus fuascailt thréimhsiúil a íoc	Gealltanais i bpraghsanna reatha		215 168	786 463	1 548 040	2 843 599	3 526 767	4 809 272	6 405 035	**20 134 344**
	Íocaíochtaí i bpraghsanna reatha		215 168	786 463	1 548 040	2 843 599	3 526 767	4 809 272	6 405 035	**20 134 344**

[6] Ós rud é go sroichfidh iasachtaí a n-aibíocht amhail ó 2028, ní dhéanfar ach íocaíochtaí cúpóin i mblianta roimhe sin.

tráth na haibíochta										
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[7]										
06.012001	Gealltanais = Íocaíochtaí i bpraghsanna 2018	(3)	4 712	924	906	888	871	853		**9 153**
06.012001	Gealltanais = Íocaíochtaí i bpraghsanna reatha	(3)	5 000	1 000	1 000	1 000	1 000	1 000		**10 000**
IOMLÁN leithreasuithe (ceannteideal 2)	Gealltanais i bpraghsanna 2018	=1+ 3	207 469	727 494	1 403 013	2 525 923	3 071 133	4 105 521	5 359 447	**17 400 000**
	Íocaíochtaí i bpraghsanna 2018	=2+ 3	207 469	727 494	1 403 013	2 525 923	3 071 133	4 105 521	5 359 447	**17 400 000**
	Gealltanais i bpraghsanna reatha	=1+ 3	220 168	787 463	1 549 040	2 844 599	3 527 767	4 810 272	6 405 035	**20 144 344**
	Íocaíochtaí i bpraghsanna reatha	=2+ 3	220 168	787 463	1 549 040	2 844 599	3 527 767	4 810 272	6 405 035	**20 144 344**

[7] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	**7**	"Caiteachas riaracháin"

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2021**	Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN**
AS BUDG									
• Acmhainní daonna									
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN AS BUDG	Leithreasuithe								

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5 (2020) agus CEANNTEIDEAL 7 (2021-2027) den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)								

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2021**	Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN**
IOMLÁN leithreasuithe faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais								
	Íocaíochtaí								

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– **X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí sna blianta buiséid 2020-2027: ús a íoc mar atá léirithe sa tábla thuas

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **2021**	Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN**
CEANNTEIDEAL 5 (7 ó 2021) den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas riaracháin eile								
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 (7) den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[8] of the multiannual financial framework								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán laistigh de CHEANTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
IOMLÁN								

2020:

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

8 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– **X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain **2021**	Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6
Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)								
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)								
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)								
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)								
10 01 05 01 (Taighde díreach)								
XX 01 02 01 (AC, END, INT ón "imchlúdach iomlánaíoch")								
XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JED sna toscaireachtaí)								
XX 01 04 **bb** [9] - sa cheanncheathrú								
XX 01 04 **bb** [9] - i dtoscaireachtaí								
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)								
10 01 05 02(CA, INT, SNE – Taighde díreach)								
Línte buiséid eile (sonraigh)								
IOMLÁN								

Is é **AS BUDG** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Eisiúint fiachais, riarachán agus cuntasaíocht iasachta, socraíocht.
Pearsanra seachtrach	Eisiúint fiachais, riarachán agus cuntasaíocht iasachta, socraíocht.

[9] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

– **X** X Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha agus don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile atá beartaithe.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– X Déantar foráil sa togra/tionscnamh don chómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.[10].

– **X** Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

maidir le hioncam sannta (an líne ioncaim buiséid le cinneadh)

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, beidh EUR X billiún ó fháltais ó oibríochtaí iasachtaíochta ina ioncam sannta seachtrach arna thiomnú do dheontais do Bhallstáit agus do ráthaíochtaí buiséadacha.

EUR milliún (slánaithe)

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	iomlán
praghsanna tairiseacha 2018								
praghsanna reatha								

10